# CLUICHÍ TEANGA
# LEIBHÉAL 1




# Nótaí Múinteora

*"Úsáidtear na cluichí seo leis an teanga ó bhéal a dhaingniú i bpáistí sna chéad bhlianta ar scoil."*

© An tÁisaonad, 2017

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

# Cluichí Teanga Leibhéal 1 - Nótaí Múinteora

## *Intreoir*

Is cluichí iad seo leis an teanga ó bhéal a fhorbairt agus a dhaingniú i bpáistí sna chéad bhlianta ar scoil. Is féidir na cluichí seo a imirt sa naíscoil nó i Rang 1 ach an múinteoir nó na cúntóirí a bheith ag tacú leis na páistí. Agus na rialacha agus na spriocanna ar eolas acu, beidh páistí ábalta imirt go neamhspleách.

Is féidir na cluichí a úsáid le ranganna níos airde le dul siar ar phointe teanga agus le páistí a chur a imirt go neamhspleách ar mhaithe le hathchleachtadh agus le teanga ó bhéal a dhaingniú.

1. ***Turas chuig na Siopaí*** Cleachtadh ó bhéal ar an fhrása 'ag …'
2. ***Is Maith Liom seo a Dhéanamh!*** Cleachtadh ar 'Tá sé/sí/siad ag …'
3. ***Ag Dul ar Scoil Cleachtadh*** ar an struchtúr 'mo + séimhiú'
4. ***Cé mise?*** An chopail a úsáid i bhfrásaí
5. ***Cé Leis é?*** Na frásaí 'Cé leis é/Is liom é/Is le Seán é.' a chleachtadh ó bhéal
6. ***Rothlóir na Mothúchán*** 'Cad é atá ort?/Cad atá ort?' a fhreagairt le 'Tá áthas orm'.
7. ***Cé atá ann?*** Cur síos a dhéanamh ar dhaoine ag úsáid aidiachtaí simplí
8. ***Cá bhfuil sé?*** Focail a léiríonn suíomh a úsáid; ar, ag, sa, faoin
9. ***Ceann nó Dhó?*** Leagan iolra agus uatha d'fhocail a mheaitseáil (4 iolra éagsúla)
10. ***Nach iontach mé?*** An frása 'Thig liom/Is féidir liom sin a dhéanamh' a chleachtadh

An chéad cúpla uair a imrítear na cluichí, bheadh ar dhuine fásta a chinntiú go gcloítear leis na rialacha agus go bhfuil an sprioctheanga in úsáid. Le cleachtadh, ba chóir go mbeadh na focail agus na frásaí ag na páistí gan stró. Is bealach é seo le páistí a chur a chaint agus a úsáid frásaí áirithe ó bhéal. Imreoidh sé sin tionchar ar labhairt na bpáistí go ginearálta, ar an léitheoireacht agus ar na chéad iarrachtaí a dhéanann páistí bheith ag scríobh.

Tá an foclóir agus na frásaí sna cluichí seo ag teacht leis an fhoclóir agus na frásaí atá sa chlár luathléitheoireachta, ***Cleite***. Agus na focail agus na frásaí ar eolas ó bhéal roimh thosú, agus iad ag léamh, beidh sé sin ina chuidiú ag páistí dul i ngleic leis an léitheoireacht.

© An tÁisaonad, 2017

Moltar na cluichí a imirt arís is arís eile leis na frásaí a dhaingniú. Tá na gnéithe céanna teanga sa chéad tacar eile de na cluichí (*Leibhéal 2*) ach iad rud beag níos dúshlánaí.


Ba mhian linn go mbeadh teanga nádúrtha sna cluichí seo agus go mbeadh taithí ag páistí ar an dóigh a n-oibríonn an Ghaeilge, gan castachtaí a sheachaint. Sin ráite, aithnímid na dúshláin a bhíonn ag páistí an dara teanga a shealbhú ag tús na bunscoile agus gur beag taithí a bhíonn ag cuid acu leis an Ghaeilge roimh thús Rang 1.

Ar an dóigh sin, tá an chéad tacar de na cluichí thar a bheith simplí le focail inséimhithe amháin sa chluiche 'mo + séimhiú', agus ainmhithe firinscneacha amháin i gcluiche eile. Ach i *Leibhéal 2*, tá focail a shéimhítear agus nach séimhítear ann le go gcluinfidh páistí samplaí fíora. I leibhéal 2, tá samplaí d'fhocail a thosaíonn le **s**, **l**, **r** sa chluiche a bhaineann le *mo + séimhiú* le go gcluinfear nach séimhítear gach focal i ndiaidh *mo*. Má tá na nósanna seo ag páistí ón tús, cuideoidh sin leo teacht isteach ar rialacha na Gaeilge níos faide ar aghaidh.

Tá rogha ag múinteoirí, mar sin, an cur chuige is fóirsteánaí dá ranganna féin a roghnú.

Níl le déanamh ach frásaí canúna a athrú ó bhéal leis an chluiche a dhéanamh fóirsteanach do chanúintí éagsúla, m.sh. *Thig liom* … go *Is féidir liom* ….

In amanna sna cluichí, moltar Dísle 1 go 3 nó 1 go 6. Athraíonn na huimhreacha ar an dísle luas an chluiche. Is féidir na cártaí breise a úsáid le teanga an chluiche a chleachtadh roimh imirt. Tá cóipeanna breise de na cártaí ar fáil le híoslódáil ónár suíomh, ***www.aisaonad.org***.



*Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le páistí Rang 1 agus leis na múinteoirí i m**Bunscoil Phobal Feirste** agus i n**Gaelscoil an Lonnáin** as a gcuidiú agus na cluichí seo á bhforbairt.*

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad
Urraithe ag Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2017

# 1. Turas chuig na Siopaí

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Cleachtadh ó bhéal ar an fhrása *ag …*
Licín a thabhairt ón tús go dtí an chríoch, ag bogadh ar dhóigheanna éagsúla.
Is féidir na cártaí a úsáid don phlé, roimh imirt, le foclóir a dhaingniú.

**De dhíth**: Dísle 1-6 nó Dísle 1-3
Licín an duine
Cártaí

**Treoracha**:

- Ar do sheal, caith an dísle. Bog an oiread sin spásanna ar an chluiche.
- Má stopann tú ar spás a bhfuil pictiúr air, deir na himreoirí eile,
- *'Cad é atá sé a dhéanamh?'*
- Tabhair freagra, m.sh. '*ag rith*.'
- Má tá an ceart agat, tóg an cárta atá mar an gcéanna.
- Má stopann tú ar phictiúr a tógadh cheana, caill seal.
- Má stopann tú ar réalta, bíodh seal eile agat.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó cártaí nuair atá an chríoch bainte amach ag gach duine.

Is féidir an cluiche a dhéanamh níos dúshlánaí trí 'Tá sé/siad ag rith.' a rá sna freagraí.

Athróidh dísle 1-3 nó dísle 1-6 luas an chluiche.




© An tÁisaonad, 2017
Urraithe ag Foras na Gaeilge
Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

# 2. Is Maith Liom seo a Dhéanamh!


## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Taithí a fháil ar na frásaí *Tá sé/sí/siad ag …*
Licíní a fháil do gach freagra ceart.

**De dhíth**: Licíní daite an duine – dath difriúil do gach duine
Cártaí

**Treoracha**:

- Cuir na cártaí béal fúthu i gcarnán.
- Ar do sheal, tóg cárta. Léigh an abairt.
- Má tá an ceart agat, cuir ceann de do licíní ar an phictiúr agus coinnigh an cárta.
- Má tá tú mícheart, cuir an cárta ar ais ag bun an charnáin.
- Má thógann tú cárta le ‘smál’, caill seal agus cuir é ar ais ag bun an charnáin.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní ar an chluiche ag an deireadh.





© An tÁisaonad, 2017

# 3. Ag Dul ar Scoil

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: An frása *mo + séimhiú* a chleachtadh.
Licín a thabhairt ón teach go dtí an scoil.

**De dhíth**: Dísle 1-6 nó Dísle 1-3
Licín an duine

**Treoracha**:

- Ar do sheal, caith an dísle. Bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar spás le pictiúr, abair *mo* … agus an focal.
- Má stopann tú ar spás le réalta, bíodh seal eile agat.
- Bíonn an bua ag an chéad duine a bhaineann an deireadh amach.

Tá cártaí tacaíochta ann leis an fhoclóir agus na frásaí a chleachtadh agus a phlé roimh ré.

*Is samplaí d'fhocail inséimhithe amháin atá sa chluiche seo. Más fearr leat taithí a thabhairt do pháistí ar an dóigh a n-oibríonn an Ghaeilge ón tús agus meascán d'fhocail a bheith sa chluiche (mo hata, mo leabhar, srl.) is féidir cluiche Leibhéal 2 a úsáid.*




© An tÁisaonad, 2017
Urraithe ag Foras na Gaeilge
Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

# 4. Cé mise?

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: An chopail a chleachtadh i bhfrásaí.
Licíní a chur ar na pictiúir.

**De dhíth**: Licíní daite an duine – dath difriúil do gach duine
Cártaí

**Treoracha**:

- Leag na cártaí amach ina sraitheanna, béal in airde.
- Tá 20 soicind agat le hamharc orthu.
- Ansin, tiontaigh béal fúthu iad.
- Ar do sheal, roghnaigh pictiúr ar an chluiche agus abair an rud atá ann, m.sh. *Is ceoltóir mé*.
- Má tá an ceart agat, roghnaigh cárta.
- Má roghnaíonn tú an cárta a fhreagraíonn don phictiúr, coinnigh an cárta agus cuir licín ar an phictiúr ar an chluiche.
- Mura roghnaíonn tú an cárta ceart, cuir an cárta ar ais san áit chéanna, béal faoi.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní ar an chluiche ag an deireadh.




Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad
Urraithe ag Foras na Gaeilge
© An tÁisaonad, 2017

# 5. Cé Leis é?

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Na frásaí *Cé leis é?*, *Is liom é* agus *Is le Sean é* a chleachtadh.
Cártaí a bhailiú.

**De dhíth**: Dísle 1-6 nó Dísle 1-3
Licín an duine
Cártaí

**Treoracha**:

- Roinn na cártaí go cothrom ar gach duine.
- Cuir do chártaí amach romhat, béal in airde.
- Ar do sheal, caith an dísle. Bog an oiread sin spásanna.
- Abair amach an t-ainmhí atá ar an spás ar ar stop tú.
- Ansin abair, '*Cé leis é?*'
- Má tá an cárta leis an ainmhí sin agat féin, abair, '*Is liom é*.'
- Má tá sé ag duine eile, abair '*Is le Seán é*.' Caithfidh an duine eile an cárta a thabhairt duit.
- Abair '*Is liomsa é anois!*'.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó cártaí nuair a bhaineann gach duine an deireadh amach.




© An tÁisaonad, 2017
Urraithe ag Foras na Gaeilge
Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

# 6. Rothlóir na Mothúchán

## *Cluiche do 2, 3, 4 imreoir*

**Sprioc**: Na frásaí *Tá áthas orm / Tá fearg orm* srl. a chleachtadh.
Na mothúcháin a aithint agus a mheaitseáil.

**De dhíth**: Rothlóir
Saighead
Licíní daite – dath difriúil do gach duine

**Treoracha**:

- Ar do sheal, rothlaigh an rothlóir.
- Fiafraíonn na himreoirí eile *Cad é atá ort? / Céard atá ort?*
- Abair an rud a léiríonn an pictiúr ar an rothlóir, m.sh. *Tá áthas orm*.
- Aimsigh pictiúr ar an chluiche a léiríonn '*Tá áthas orm*' fosta, agus clúdaigh le licín é.
- Má tá an pictiúr clúdaithe cheana féin, cuardaigh ceann eile. Mura bhfuil ceann eile ann, caill seal.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní ar an chluiche ag an deireadh.

Is féidir an cluiche a dhéanamh níos dúshlánaí trí dhíriú ar inscní na bpictiúr.
Abair – *Tá áthas air/uirthi* nuair a aimsítear an pictiúr ar an chluiche.





© An tÁisaonad, 2017

# 7. Cé atá ann?

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Teanga a bhaineann le cur síos a aithint agus a úsáid.
Aidiachtaí a úsáid.
Licíní a chur ar na carachtair.

**De dhíth**: Licíní daite – dath difriúil do gach duine
Cártaí

**Treoracha**:

- Cuir na cártaí béal fúthu i gcarnán sa lár.
- Ar do sheal, tóg cárta. Léigh amach é.
- Cuir ceann de do licíní ar an duine cuí.
- Abair, m.sh. Tá geansaí gorm ar Sheán.
- Má tá níos mó ná duine amháin ann leis an rud atá ar do chárta, is féidir licíní a chur orthu ar fad. Abair na habairtí ar fad.
- Coinnigh an cárta a thóg tú.
- Má thógann tú cárta le heolas nach bhfuil ann, caill seal.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní ag an deireadh.



# 8. Cá bhfuil Peadar Pearóid?

## *Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Abairtí a rá a léiríonn suíomh, *ag an*, *ar an*, *sa*, *faoin* srl.
Licíní a chur ar na pictiúir ar an chluiche.

**De dhíth**: Licíní daite – dath difriúil do gach duine.
Cártaí

**Treoracha**:

- Cuir na cártaí i gcarnán sa lár, béal fúthu.
- Ar do sheal, tóg cárta ach ná taispeáin do dhuine ar bith é.
- Léigh amach an cárta don chéad imreoir eile. Caithfidh an t-imreoir sin licín a chur ar an phictiúr chuí ar an chluiche.
- Má tá an ceart aige/aici, fanann an licín agus coinníonn sé/sí an cárta.
- Mura bhfuil an ceart aige/aici, caithfidh sé/sí an licín a thógáil agus téann an cárta ar ais chuig bun an charnáin.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó licíní ar an chluiche nuair a bhíonn gach pictiúr clúdaithe.





© An tÁisaonad, 2017

# 9. Ceann nó Dhó


*Cluiche do 2, 3 nó 4 imreoirí*

**Sprioc**: Go mbeidh taithí ag daltaí ar réimse éagsúla d'iolraí.
Iolraí a chleachtadh ó bhéal agus iolraí i bhfoirm scríofa a aithint.
Leagan uatha agus leagan iolra de rudaí a mheaitseáil.

**De dhíth**: Dísle
Licín an duine
Cártaí le hiolraí

**Treoracha**:

- Leag amach cártaí na n-iolraí agus amharc go cúramach orthu.
- Tiontaigh béal fúthu iad san áit chéanna, mar a bheadh cluiche péirí ann.
- Ar do sheal, caith an dísle. Bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar phictiúr, abair an focal.
- Ansin, tiontaigh ceann de na cártaí le hiolraí. Abair an t-iolra.
- Má tá sé ag teacht leis an uatha ar an chluiche, coinnigh é.
- Mura bhfuil, cuir ar ais é san áit chéanna.
- Bíonn an bua ag an duine leis an líon is mó cártaí nuair a bhaineann gach duine an deireadh amach.




© An tÁisaonad, 2017
Urraithe ag Foras na Gaeilge
Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

# 10. Nach iontach mé?

## *Cluiche do 2, 3*, 4 imreoir*

** Más 3 imreoirí atá ag imirt, is féidir 2 chárta a fhágáil ar lár.*


**Sprioc**: Na frásaí *Thig liom / Ní thig liom sin a dhéanamh* a chleachtadh. Ceangal a fheiceáil idir an rud agus an ghníomhaíocht agus an rud atá de dhíth ar na daoine sa phictiúr le rud a dhéanamh.

**De dhíth**: Dísle 1-3 nó Dísle 1-6
Licín an duine
Cártaí
Ciúbanna

**Treoracha**:

- Roinn na cártaí go cothrom ar na himreoirí.
- Ar do sheal, caith an dísle.
- Bog an oiread sin spásanna.
- Má stopann tú ar chearnóg ar a bhfuil pictiúr, cuireann na himreoirí eile ceist – '*An dtig leat sin a dhéanamh?*'
- Má tá an cárta sin agat (*damhsa*, mar shampla), abair *Thig liom damhsa* agus tóg ciúb.
- Mura bhfuil an cárta agat, abair *Ní thig liom damhsa* agus ná tóg ciúb.
- Is é an duine leis an líon is mó ciúbanna, nuair a bhaineann gach duine an deireadh amach, an buaiteoir.

Is féidir an cluiche a dhéanamh níos dúshlánaí agus na gníomhaíochtaí a rá mar chuid den fhreagra, m.sh. T*hig liom luascadh* srl.
Is féidir '*Thig liom sin a dhéanamh*' a athrú go '*Is féidir liom sin a dhéanamh*'.





© An tÁisaonad, 2017